An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Athruithe sa struchtúr poist san Eoraip i rith an Chúlaithe Mhóir

## Achoimre feidhmiúcháin

### Réamhrá

Tá an Eoraip, dála formhór an domhain fhorbartha, fós ag dul i ngleic le hiarmhairtí an Chúlaithe Mhóir 2008–2009. Níl dabht ar bith faoi ach go bhfuil a rian fágtha ag na hiarmhairtí uile ar an margadh saothair. Bhí cúig milliún níos lú duine i bhfostaíocht íoctha san AE27 sa dara ráithe de 2010 ná mar a bhí sa dara ráithe de 2008. Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar thionchar an chúlaithe ar an struchtúr fostaíochta i dtéarmaí gairmeacha agus earnálacha san AE27, ar leibhéal comhiomlán agus náisiúnta araon. Glactar le dearcadh cainníochtúil (tugtar léargas ar athruithe ar leibhéil fostaíochta) mar aon le dearcadh cáilíochtúil (tugtar léargas ar dháileadh na n-athruithe sna leibhéil fostaíochta sa speictream tuarastail) sa tuarascáil seo. Is í seo an chéad tuarascáil a foilsíodh mar chuid de Mhonatóir Poist Eorpach de chuid Eurofound. Foilseofar tuarascáil leantach i dtreo dheireadh 2011 ina leanfar leis an anailís go dtí lár 2011, tráth ar chóir go mbeadh (táthar dóchasach) an margadh saothair ag teacht chuige féin arís.

### Comhthéacs beartais

Áirítear i straitéis ‘Eoraip 2020’ an AE le haghaidh fáis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh, gealltanas chun ardleibhéil fostaíochta agus táirgiúlachta a chothú. Tá sé seo ag teacht le béim a leagan an athuair ar na spriocanna a bhí sonraithe níos luaithe i Straitéis Liospóin - ‘níos mó post ar ardchaighdeán’. Teastaíonn tuilleadh post le dul i ngleic leis an méadú géar a tháinig ar dhífhostaíocht de thoradh na géarchéime airgeadais. Ionas go mbeidh ar chumas na hEorpa an sprioc maidir le ráta fostaíochta 75% a bhaint amach faoi 2020 dóibh siúd atá idir 20 agus 64 bliain d’aois, ní mór díriú ar an ráta fostaíochta a ardú. (In 2010, bhí ráta fostaíochta an ghrúpa seo cothrom le 68.6%.) Os a choinne sin, teastaíonn poist ar chaighdeán níos fearr (i dtéarmaí oiliúna, ábhair eolais agus dálaí fostaíochta) má tá an Eoraip lena leibhéil táirgiúlachta a fheabhsú – is iad atá ríthábhachtach d’fhonn dul i ngleic leis na dúshláin iomaíocha ar fad atá ag teacht chun cinn sa domhan ilpholach seo agus mar sin dálaí maireachtála a chothú agus a fheabhsú.

Má chaithimid súil siar ar an am atá caite, is léir gur éirigh thar barr le cruthú post san Eoraip idir dheireadh na 1990idí agus tús na bliana 2008, tráth ar thosaigh an cúlú. Cruthaíodh breis is 20 milliún post nua in imeacht beagán le cois deich mbliana: ba ionann é seo i dtéarmaí absalóideacha agus coibhneasta agus níos mó ná an méid post a cruthaíodh sna Stáit Aontaithe sa tréimhse chéanna. Ainneoin nár baineadh amach na spriocanna fostaíochta a bhí sonraithe i Straitéis Liospóin, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na leibhéil fostaíochta a mhéadú agus déileáil le dífhostaíocht. Ar an taobh eile, ardaíodh ceisteanna cosúil leo sin a ardaíodh sna Stáit Aontaithe roimhe sin, maidir le caighdeán na bpost a bhí á gcruthú. Ba é an dearcadh a bhí ann ná gur poist ar phá íseal agus poist seirbhíse gan todhchaí a bhí mórán de na poist nua a bhí á gcruthú, agus nach raibh dóthain post á gcruthú i ngníomhaíochtaí a bhí níos déine ar eolas agus a d’fhéadfadh a bheith mar bhonn le táirgiúlacht a fheabhsú. Ainneoin go raibh poist á gcruthú, an raibh cáilíocht na bpost á ligean i ndearmad?

Agus tionscadail eile á gcur i gcrích ag Eurofound roimhe seo, baineadh úsáid as modh simplí anailíse - a d’fhorbair Joseph Stiglitz i dtús báire - a raibh sé mar aidhm leis freagra fónta eimpíreach a sholáthar ar an gceist seo. Má bhreathnaítear ar fhostaíocht mar ‘phoist’ aonair (gairm shonrach in earnáil shonrach – mar shampla, altra san earnáil sláinte nó cúntóir siopa san earnáil mhiondíola – agus trí phoist a rangú bunaithe ar thuarastal in aghaidh na huaire (mar sheachchomhartha le haghaidh cáilíocht na bpost), is féidir a léiriú cibé an raibh fás nó meath post i gceist sna hearnálacha sin a meastar na poist iontu a bheith ‘go maith’, ‘measartha’ nó ar ‘phá íseal’. Áiríodh san anailís seo freisin forbairtí a bhí le tabhairt faoi deara sa mhargadh saothair sa 23 Ballstát idir 1995 agus 2006.

- Ba é príomhthátal na hanailíse ná go raibh fás fostaíochta le tabhairt faoi deara sna poist sin a raibh tuarastail níos airde luaite leo.

- Tugadh faoi deara freisin go raibh an méadú ar fhostaíocht an-lag i lár an speictrim tuarastail mheasartha, agus go raibh sé nasctha le meath fadtréimhseach ar fhostaíocht san earnáil déantúsaíochta. Tugadh méadú níos mó faoi deara sna poist sin a bhfuil an pá is ísle luaite leo.

- Ainneoin éagsúlacht a bheith le tabhairt faoi deara sna patrúin ar leibhéal náisiúnta, bhí sonraí comhiomlána an AE ag teacht go páirteach le patrúin de 'meath sa lár', patrún a aithníodh roimhe seo i margaí saothair Mheiriceá agus na Breataine.

## Príomhthátail

Úsáidtear sonraí ón Suirbhé ar Lucht Saothair na hEorpa sa tuarascáil reatha – *Athruithe sa struchtúr poist san Eoraip i rith an Chúlaithe Mhóir* – chun anailís a dhéanamh ar cibé an raibh an patrún d'athrú fostaíochta polaraithe go neamhshiméadrach, mar a aithníodh in obair a rinne Eurofound roimhe seo, fós le tabhairt faoi deara i rith tréimhse a ndearnadh scrios suntasach ar phoist inti (idir an dara ráithe de 2008 agus an dara ráithe de 2010).

- Ainneoin difríochtaí suntasacha a bheith ann i dtéarmaí na dtátal fostaíochta, bhí patrún mórán mar a chéile le tabhairt faoi deara sna deich mbliana roimhe sin maidir le dáileadh na n-athruithe fostaíochta sa struchtúr tuarastail ar leibhéal comhiomlán an AE. Tá an chuma ar an scéal gur chuir an cúlú dlús faoi na treochtaí a tugadh faoi deara roimhe seo.

- Chuir caillteanais ghéara sna poist ar phá íseal-meánach agus ar phá meánach, san earnáil tógála agus déantúsaíochta go háirithe, le polarú an struchtúir fostaíochta.

- Fiú amháin i rith diantréimhse scriosta post, bhí méadú le tabhairt faoi deara sa líon post a raibh an pá is airde luaite leo. Mar a tharla sna deich mbliana roimhe seo, tharla an méadú ar phoist sa chúigil tuarastail is airde (an 20% is airde den speictream tuarastail) mar gheall ar mhéadú ar phoist sa réimse sin ar a dtugtar 'seirbhísí dlútheolais' (KIS). Áirítear sna seirbhísí seo idir sheirbhísí poiblí (san earnáil oideachais agus sláinte den chuid is mó) agus sheirbhísí príobháideacha (seirbhísí gnó). I rith an chúlaithe, tháinig méadú ar an tábhacht choibhneasta a bhí le seirbhísí poiblí i gcomhthéacs an líon post sa chúigil is airde a mhéadú.

- Ar leibhéal na mBallstát, tugadh trí phríomhphatrún d'athrú fostaíochta faoi deara i rith an chúlaithe: uasghrádú (méadú claonta post ag barr an speictrim tuarastail), polarú (fás ag bun agus ag uachtar an speictrim tuarastail, agus cúngú i lár an speictrim) agus íosghrádú (scrios níos suntasaí le tabhairt faoi deara sna poist a raibh tuarastal níos airde luaite leo agus fás nó meath réasúnta beag le tabhairt faoi deara i bhfostaíocht a raibh pá íseal luaite léi).

- Tá an chosúlacht ar an scéal gur éirigh níos fearr le mná sa mhargadh saothair i gcomparáid le fir i rith an chúlaithe, i dtéarmaí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon. I rith na géarchéime, cailleadh ceithre phost 'fireann' in aghaidh gach post 'baineann' a cailleadh. Bhain foinsí an mhéadaithe ar fhostaíocht – ar ardchaighdeán i gcoitinne – le poist bhaineanna sna hearnálacha sláinte agus oideachais den chuid is mó.

- Ábhar ionaidh ba ea gur fhan leibhéil fostaíochta na n-oibrithe níos sine ard go leor i rith na géarchéime; é sin ráite, rinneadh an-damáiste do leibhéil fostaíochta daoine idir 30 agus 49 bliain d'aois agus – go háirithe – oibrithe níos óige. I rith an chúlaithe, tugadh méadú suntasach ar fhostaíocht faoi deara sa ghrúpa daoine atá idir 50 agus 64 bliain d'aois – cruthaíodh 1.7 milliún post nua don ghrúpa seo. Bhí an méadú seo ar fhostaíocht le tabhairt faoi deara sa speictream tuarastail trí chéile, ainneoin é a bheith claonta i dtreo na bpost sin a bhfuil an pá is airde luaite leo. I gcás na n-oibrithe níos óige (iad siúd faoi bhun 30 bliain d'aois), cailleadh poist sa speictream tuarastail trí chéile.

- Bhí meascán le tabhairt faoi deara i dtéarmaí stádas fostaíochta. Bhí go leor caillteanas le tabhairt faoi deara i bpoist shealadacha go luath i rith an chúlaithe; é sin ráite, áfach, bhain an chuid is mó den mhéadú ar fhostaíocht a tharla ó 2009 ar aghaidh le poist shealadacha, cé gur poist ar phá íseal den chuid is mó a cruthaíodh. Tá méadú tagtha ar obair pháirtaimseartha sa speictream tuarastail trí chéile, gan mórán éagsúlachta a bheith le tabhairt faoi deara i dtéarmaí an méid post a cruthaíodh d'fhir agus do mhná. Poist ar phá íseal den chuid is mó a bhí i gceist leis an bhfostaíocht nua pháirtaimseartha a cruthaíodh d'fhir – sna hearnálacha talmhaíochta, bia agus deochanna, agus bhain breis is dhá trian den fhostaíocht nua pháirtaimseartha do mhná le poist a bhfuil pá ard luaite leo – sna hearnálacha oideachais, sláinte agus seirbhísí gairmiúla.

**Tuilleadh faisnéise**

Le haghaidh anailíse níos mionsonraithe, déan tagairt don tuarascáil iomlán *Athruithe sa struchtúr poist san Eoraip i rith an Chúlaithe Mhóir* [*Shifts in the job structure in Europe during the Great Recession*], ar fáil ag www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef1141.htm

John Hurley, Oifigeach Taighde
joh@eurofound.europa.eu